An tAonú Tuarascáil Déag ón Aire Airgeadais ar Shaoráil Faisnéise

Eanáir - Nollaig 2008

Ábhar

Leathanach

Réamhrá ……1

Feidhmiú Shaoráil Faisnéise sa bhliain 2008 …… 3

Aguisín 1: Láithreoireachtaí agus oiliúint a cuireadh ar fáil sa bhliain 2008 …… 8

Aguisín 2: Liosta Táblaí Staitistiúla agus Cairteacha…… 9

Ní foláir don Aire Airgeadais faoi alt 15(5) den Acht um Shaoráil Faisnéise a chinntiú go ndéanfaidh comhlachtaí poiblí bearta cuí i dtaca le

- hoiliúint foirne
- socruithe eagrúcháin, agus
- cibé nithe eile is cuí leis an Aire chun an bóthar a réiteach do chomhlachtaí i dtaca le comhlíonadh an Achta.

Ní foláir don Aire freisin faoi alt 15(6) tuarascáil a ullmhú don Oireachtas gach bliain ar na bearta atá déanta ag comhlachtaí poiblí i gcomhair Shaoráil Faisnéise.

Leis seo cuirtear an tuarascáil seo faoi bhráid Chomhchoiste Airgeadais agus Seirbhíse Poiblí an Oireachtais de réir alt 15(6) den Acht um Shaoráil Faisnéise 1997.

Réamhfhocal ón Dr Martin Mansergh, TD, Aire Stáit sa Roinn Airgeadais

Cúis áthais dom é aonú tuarascáil déag an Aire Airgeadais, a bhaineann leis an mbliain 2008, a chur i láthair Thithe an Oireachtais. De réir an chur chuige ar cinneadh air anuraidh i gcás tuairiscithe tá an tuarascáil seo níos giorra fós ná na tuarascálacha a bhíodh ann blianta eile ar an ábhar go bhfuil teacht anois ar a lán den fhaisnéis a bhaineann le socruithe feidhmithe an Achta agus sonraí staitistiúla i dtaca le gníomhaíocht i gcás Shaoráil Faisnéise ar fud na seirbhíse poiblí ar shuíomh gréasáin Láraonaid Pholasaí um Shaoráil Faisnéise na Roinne Airgeadais.
http://www.foi.gov.ie/publications

B'é 2008 an deichiú bliain ó tugadh isteach an tAcht um Shaoráil Faisnéise. B'ionann Saoráil Faisnéise agus athrú bunúsach a chruthú sa chaidreamh a bhíonn ag an Rialtas le saoránaigh. Tharla sé sin trí bhuannaíocht na rúndachta atá cumhdaithe in Acht na Rún Oifigiúla a iompó bun os cionn agus trína sholáthar, mar atá leagtha amach i dTeideal Fada an Acht um Shaoráil Faisnéise, go bhfuil sé de cheart ag saoránaigh rochtain a bheith acu chuig faisnéis atá i seilbh comhlachtaí poiblí 'a mhéid is féidir é i gcomhréir le leas an phobail agus leis an gceart chun príobháideachta.'

Tugadh tacaíocht d'achtú Shaoráil Faisnéise trí chlár fairsing oiliúna a chur ar fáil don tseirbhís phoiblí agus trí shocruithe tréana riaracháin a chur i bhfeidhm, ar a raibh Láraonad Polasaí um Shaoráil Faisnéise na Roinne Airgeadais, Oifigigh Shaoráil Faisnéise i Ranna Rialtais agus i nGníomhaireachtaí Stáit, gréasáin chomhordaithe, chomh maith le bunú Oifig an Choimisinéara Faisnéise. Is féidir a rá go firinneach, deich mbliana níos faide anonn, go bhfuil Saoráil Faisnéise i ndlúth agus in inneach ár mbéascna riaracháin anois agus tá níos mó ná 140,000 iarratas tagtha chuig breis agus 500 comhlacht poiblí i gcaitheamh na tréimhse sin.

Ba chóir Saoráil Faisnéise a mheas mar chuid den phróiseas níos leithne a ghabhann le hathchóiriú na seirbhíse poiblí ar mhaithe leis na saoránaigh. Indiaidh athbhreithnithe an OECD ar sheirbhís phoiblí na hÉireann sa bhliain 2008 tá clár tréan athchóirithe idir lámha ag an Rialtas a thugann tús áite do na saoránaigh agus a chinnteoidh go mbeidh seirbhís phoiblí na hÉireann inniúil ar aghaidh a thabhairt ar dhúshláin úra an 21ú céad agus ar ardchaighdeán seirbhíse a sholáthar go héifeachtach agus go héifeachtúil do shaoránaigh na hÉireann.

Léiríonn sonraí Shaoráil Faisnéise le haghaidh na bliana 2008 méadú 18% i líon na n-iarratas i gcomparáid le 2007. Cé go bhfuil cúiseanna éagsúla, a bhaineann le hearnálacha ar leith, leis an méadú seo is cor inmholta é a léiríonn an daonlathas i mbun oibre. Céim ar chéim le Saoráil Faisnéise tá comhlachtaí poiblí ag baint feidhme as na deiseanna atá á gcur ar fáil ag na teicneolaíochtaí nua faisnéise chun soláthar faisnéise atá ag méadú i gcónaí a fhoilsiú taobh amuigh de Shaoráil Faisnéise.

Bíonn roinnt iarratas ann a bhíonn an-mhion agus nach mór do sheirbhísigh phoiblí a lán ama a chaitheamh lena bhfreagairt. Is cuí, lasmuigh d'eisceachtaí áirithe, amhail faisnéis phearsanta, go mbeadh táille éigin ann a léireodh a leithéid agus chun daoine a spreagadh leis an soláthar atá ann a úsáid go stuama.

Mar fhocal scoir, is mian liom aitheantas a thabhairt d'obair chrua agus do dhíograis na ndaoine go léir a bhfuil lámh acu i bhfeidhmiú an Achta um Shaoráil Faisnéise, agus go háirithe don Choimisinéir Faisnéise agus dá foireann.

Cuirim an Tuarascáil seo i láthair Thithe an Oireachtais.

Martin Hanneragh

Feidhmiú Shaoráil Faisnéise sa Bhliain 2008

Úsáid an Achta

Baineann n tAcht um Shaoráil Faisnéise le breis agus 500 comhlacht poiblí. Tá liosta iomlán de na comhlachtaí sin ar fáil ag http://www.foi.gov.ie/bodies-covered-by-foi .
Ina measc sin tá Ranna/Oifigí Rialtais, Údaráis Áitiúla, FSS, Ospidéil Dheonacha, comhlachtaí in Earnáil an Oideachais Tríú Leibhéal agus raon ilghnéitheach eagraíochtaí eile.

Tá mionfhaisnéis faoi iarratais Shaoráil Faisnéise chuig na comhlachtaí seo sa bhliain 2008, maraon le faisnéis faoin gcatagóir lenar bhain an t-iarratasóir, ar fáil ar shuíomh gréasáin Láraonaid Pholasaí um Shaoráil Faisnéise na Roinne Airgeadais ag http://www.foi.gov.ie/publications .

Maidir leis an gcaoi a raibh an scéal i dtaca le hiarratais Shaoráil Faisnéise sa bhliain 2008 sa tseirbhís phoiblí go hiomlán bhí cúrsaí mar a leanas:

- **Fuarthas 12,672 iarratas Shaoráil Faisnéise ar fad sa bhliain 2008 agus b'ionann é sin agus méadú de 1,968 nó 18% ar fhigiúr na bliana 2007.**

- **Bhí méadú de 1,195 nó 39% ann i dtaca le faisnéis neamhphearsanta i gcomparáid le 2007.**

- **Géilleadh go hiomlán nó i bpáirt do 77% de na hiarratais Shaoráil Faisnéise ar déileáladh leo i gcaitheamh 2008** (77% sa bhliain 2007). Diúltaíodh do 12% de na hiarratais (12% a bhí i gceist sa bhliain 2007). Tarraingíodh siar, aistríodh nó déileáladh lasmuigh de Shaoráil Faisnéise leis an 11% eile.

- **Rineadh athbhreithniú inmheánach ar 5% de na hiarratais a bhí ann sa bhliain 2008 (5% a bhí i gceist sa bhliain 2007); rinneadh achomharc chun an Choimisinéara Faisnéise i gcás 1% de na hiarratais (2% a bhí i gceist sa bhliain 2007).**

- **Tháinig 73% de na hiarratais ó bhaill den phobal agus b'ionann líon na n-iarratas a tháinig ó iriseoirí agus 15% den iomlán.** 88% agus 8% faoi seach a bhí i gceist sa bhliain 2007. Tháinig timpeall 6% de na hiarratais ó úsáideoirí gnó (6% a bhí i gceist sa bhliain 2007). Ó bhaill foirne chomhlachtaí poiblí a tháinig 5% (5% a bhí ann sa bhliain 2007). Tháinig an 1% eile ó chomhaltaí den Oireachtas agus ó ionadaithe poiblí eile(1% a bhí ann sa bhliain 2007).

- **Bhain 33% de na hiarratais a fuarthas sa bhliain 2008 le faisnéis neamhphearsanta. I gcomparáid leis sin bhí 28% de na hiarratais in 2007, 30% in 2006 agus 22% in 2005 amhlaidh.** Bíonn difríocht shuntasach i gcónaí sa chothromaíocht idir iarratais a bhaineann le faisnéis phearsanta agus faisnéis neamhphearsanta i gcás na n-earnálacha éagsúla. Bhain 76% de na hiarratais a seoladh chuig údaráis áitiúla agus 50% díobh sin a seoladh chuig comhlachtaí a bhaineann le rialtas lárnach (agus Ranna agus Oifigí Rialtais san áireamh) sa bhliain

2008 le faisnéis neamhphearsanta. Maidir le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, áfach, mar a mbíonn iarratais ar fhaisnéis phearsanta ar mhórthromlach na n-iarratas a fhaightear, b'é 11% an figiúr comhfhreagrach sa bhliain 2008.

- Seoladh 4,441 iarratas chuig Ranna Rialtais agus chuig Comhlachtaí Stáit sa bhliain 2008. (Bhí 3,230 i gceist sa bhliain 2007). Is ionann é sin agus 35% den líon iomlán iarratas a fuarthas.

- Sa bhliain 2008 seoladh 1,527 iarratas chuig Údaráis Áitiúla i gcomparáid le 1,300 sa bhliain 2007. Tháinig 4,231 iarratas chuig FSS sa bhliain 2008 i gcomparáid le 3,955 sa bhliain 2007. Ba chuig na hearnálacha seo a seoladh 12% agus 33% den líon iomlán iarratas a bhí ann sa bhliain 2008.

- Seoladh 1,985 iarratas chuig Gníomhaireachtaí Reachtúla, Ospidéil Dheonacha agus Comhlachtaí Deonacha eile sa bhliain 2008 i gcomparáid le 1,780 iarratas a bhí ann sa bhliain 2007. Bhain 16% den líon iomlán iarratas a fuarthas sa bhliain 2008 leis an earnáil seo.

- Tháinig 488 iarratas ar Shaoráil Faisnéise chuig comhlachtaí oideachais tríú leibhéal sa bhliain 2008 i gcomparáid leis an 439 a fuarthas sa bhliain 2007. Is ionann é sin agus 4% den líon iomlán iarratas a bhí ann.

Tá sé tábhachtach a mheabhrú go bhfuil a lán comhlachtaí poiblí ann anois a bhfuil sé de nós acu faisnéis a scaoileadh go rialta a bheadh á lorg faoin Acht dá mbeadh a mhalairt de nós ann.

Deimnithe Aire

Níor eisíodh aon deimhnithe Aire faoi alt 25 den Acht um Shaoráil Faisnéise sa tréimhse lena mbaineann an Tuarascáil seo. Tá an deimhniú a d'athnuaigh an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ar 11 Iúil 2007 ar feadh dhá bhliain eile i bhfeidhm i gcónaí. Rinne an tAire dhá dheimhniú faoi alt 25 atá ann cheana féin a athnuachan ar feadh dhá bhliain eile ar 20 Feabhra agus ar 14 Márta faoi seach.

Ar 24 Márta 2009, faoi réir alt 25(7) den Acht um Shaoráil Faisnéise bhí an Taoiseach, an Tánaiste agus an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus an tAire Airgeadais tar éis dóibh an trí dheimhniú (ar athnuadh ceann acu sa bhliain 2007 agus dhá cheann acu sa bhliain 2008) a bhí i bhfeidhm don bhliain dar chríoch Aibreán 2008 a athbhreithniú sásta nár ghá a iarraidh go ndéanfaí aon cheann den trí dheimhniú atá i gceist a athghairm.

Deimhnithe Eile

Níor eisíodh aon deimhnithe nua sa bhliain 2008 faoi altanna 19 agus 20 den Acht i dtaca le taifid rialtais agus próisis phléite faoi seach.

Athbhreithniú ar Alt 32

I ndiaidh na tuarascála faoi alt 32 den Acht um Shaoráil Faisnéise ón gComhchoiste Oireachtais Airgeadais agus Seirbhíse Poiblí tá socruithe idir lámha chun tuilleadh forálacha neamhfhaisnéisithe ó reachtaíocht eile a chorprú sa Tríú Sceideal den Acht um Shaoráil Faisnéise.

Tacaíocht do Shaoráil Faisnéise

Struchtúir Eagrúcháin agus Líonraí Tacaíochta do Shaoráil Faisnéise

Tá éagsúlacht struchtúr ann chun tacú le feidhmiú Shaoráil Faisnéise agus chun a chinntiú go mbeidh deiseanna oiliúna, comhairle agus tacaí eile ar fáil dóibh siúd a mbíonn lámh acu go díreach i bhfeidhmiú na reachtaíochta. Ina measc sin tá Láraonad Polasaí um Shaoráil Faisnéise na Roinne Airgeadais a thugann comhairle agus tacaíocht d'Oifigigh Shaoráil Faisnéise i gcomhlachtaí poiblí, roinnt líonraí ar a bhfuil líonraí earnálacha a réitíonn an bóthar do pháirtíocht i saineolas imeasc eagraíochtaí, Grúpa Comhairleach Tomhaltóirí, Grúpa Comhairleach Gnó agus struchtúir fheidhmithe agus Oifigeach Shaoráil Faisnéise san áireamh laistigh de gach comhlacht poiblí.

Is iad na líonraí ná

- Líonra Úsáideoirí na Státseirbhíse (LÚS)
- Líonra Úsáideoirí na Seirbhíse Poiblí (LÚSP)
- Líonra Oifigeach Shaoráil Faisnéise na nÚdarás Áitiúla
- Líonra Shaoráil Faisnéise Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (LFSS)
- Líonra na nGníomhaireachtaí Deonacha
- Líonra Chónaidhm Náisiúnta na gComhlachtaí Deonacha
- Líonra Earnáil an Ardoideachais
- Líonra Shaoráil Faisnéise Institiúidí Teicneolaíochta na hÉireann
- Líonra na gComhlachtaí Fiontraíochta

Tionólann líonra na nÚdarás Áitiúla comhdháil bhliantúil ar Shaoráil Faisnéise chomh maith.

Tá teacht ar thuilleadh mionsonraí de na struchtúir líonraí seo, agus faisnéis faoi phointí teagmhála san áireamh, ar http://www.foi.gov.ie/networks-meetings .

Oiliúint agus Láithreoireachtaí

Eagraíonn an Lárionad d'Fhorbairt Bainistíochta agus Eagrúcháin (CMOD) cúrsaí sa Roinn Airgeadais gach bliain do chinnteoirí Shaoráil Faisnéise sa státseirbhís. Ina theannta sin cuireann Láraonad Polasaí um Shaoráil Faisnéise oiliúint ar ardleibhéal ar fáil do lucht foirne sna comhlachtaí poiblí go léir. Tá an t-ardchúrsa i Saoráil Faisnéise ann d'athbhreithnitheoirí inmheánacha agus d'ard-úsáideoirí i.e.,oifigigh a bhíonn ag plé le hiarratais ríchasta ar Shaoráil Faisnéise nó daoine a bhfuil oiliúint athnuachana uathu nach raibh ag plé le Saoráil Faisnéise le tamall anuas. Ina theannta sin tugann na babhtaí oiliúna deis breitheanna tábhachtacha ó Oifig an Choimisinéara Faisnéise agus comhairlí dlí a phlé. Tríd is tríd tá éileamh mór ar oiliúint ann i gcónaí, ag an ardleibhéal go háirithe. Tá an tAcht casta agus tá tuiscint mhaith air riachtanach le go mbeidh cinneadh éifeachtach ag gabháil leis. Aon

bhliain déag tar éis don Acht teacht i ngníomh ar dtús tá ceisteanna nua a bhaineann le Saoráil Faisnéise á nochtadh i gcónaí.

Chomh maith leis sin eagraíonn an Láraonad Polasaí seimineáir faisnéise ar Shaoráil Faisnéise do ghrúpaí éagsúla gur suim leo an t-ábhar chun feasacht ar Shaoráil Faisnéise a chur chun cinn. Tá liosta cúrsaí agus láithreoireachtaí a cuireadh ar fáil i rith na bliana 2008 in Aguisín 1. Tá oiliúint ar Shaoráil Faisnéise ar fáil ó sholáthróirí seachtracha chomh maith.

Suíomh Gréasáin Shaoráil Faisnéise

Is bunacmhainn é an Suíomh Gréasáin Shaoráil Faisnéise do dhaoine a úsáideann agus a fheidhmíonn an tAcht um Shaoráil Faisnéise. Is é an Láraonad Polasaí um Shaoráil Faisnéise sa Roinn Airgeadais a choinníonn an suíomh gréasáin ar bun. Soláthraíonn sé rochtain chuig reachtaíocht phríomhúil agus chuig reachtaíocht thánaisteach a bhaineann le Saoráil Faisnéise, chuig fógraí agus chuig treoirlínte uile an Láraonaid Pholasaí, chuig lámhleabhair thagartha do chinnteoirí agus chuig sonraí eile a bhaineann leis na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise. Ar an suíomh gréasáin freisin tá na Tuarascálacha Bliantúla ón Aire Airgeadais ar Shaoráil Faisnéise agus liostaí de thablaí staitistiúla agus de chairteacha a thugann miondealú ar iarratais a cuireadh chuig gach comhlacht poiblí atá faoi réim an Acht um Shaoráil Faisnéise. Déantar an suíomh gréasáin a uasdátú go leanúnach agus is modh tábhachtach é chun an pobal agus seirbhísigh phoiblí a choinneáil eolach ar chora i Saoráil Faisnéise.

Bearta Eile

Alt 19

Tháinig deireadh ar 21 Aibreán 2008 leis an tréimhse chaomhnaithe deich mbliana a bhí ann i gcás taifead Rialtas. Ciallaíonn sé sin nach bhfuil taifid a bhaineann leis an Rialtas, a cruthaíodh tar éis 21 Aibreán 1998, agus atá níos mó ná 10 mbliana ann, díolmhaithe uathu féin a thuilleadh faoi Shaoráil Faisnéise. Tá treoirlínte do chinnteoirí a bhíonn ag plé le hiarratais i gcás taifead den chineál sin ar fáil faoi Fhógraí an Láraonaid Pholasaí (Uimh.25) ar http://www.foi.gov.ie./cpu-notices

Alt 29

Leasaíodh treoirlínte an Láraonaid Pholasaí i dtaca le nósanna imeachta i gcás comhchomhairliúchain faoi alt 29 sa chaoi go bhfuil cearta tríú páirtithe curtha ar láimh shábháilte nuair a bhíonn athbhreithniú inmheánach i gceist.

Comhdháil Deichiú Comhlá Theacht i nGníomh an Achta, 15 Bealtaine 2008

Tugadh cuireadh don Aire Airgeadais Comhdháil an Choimisinéara Faisnéise a cheiliúraigh 10 mbliana ó tháinig an tAcht um Shaoráil Faisnéise i ngníomh a oscailt. San óráid a thug sé dúirt an tAire “gur chor tábhachtach inár gcóras daonlathach nua-aoiseach é Saoráil Faisnéise agus gur chabhraigh sé le feabhsú chaidreamh na saoránach leis an gcóras riaracháin.” Dúirt an tAire freisin gur mhór an spreagadh a thug Saoráil Faisnéise d’athruithe. Thagair sé go háirithe don athrú a chruthaigh Saoráil Faisnéise do gach duine, agus comhaltaí den Rialtas

san áireamh, agus dhearbhaigh “gur féidir a ndéantar inniu a iniúchadh faoi Shaoráil Faisnéise mar a ndéantaí an chuid is mó de ghnó an Rialtais faoi rún san am atá thart.” Bhí an tAire sásta, deich mbliana níos faide anonn “go bhfuil Saoráil Faisnéise bunaithe go tréan anois i ndlúth agus in inneach ár riarachán poiblí agus tríd is tríd go bhfuil sí á feidhmiú go críochnúil ag comhlachtaí poiblí.”

Chuir an tArd-Rúnaí, Ciaran Connolly Uasal, a bhfuil Bainistíocht agus Forbairt na Seirbhíse Poiblí mar chúram air, páipéar i láthair na Comhdhála faoin teideal “Freedom of Information and Better Government – Assessing the First Ten Years”. Labhair sé faoin gclár reatha d’athchóiriú na seirbhíse poiblí ina dtugtar tús áite do leas na saoránach agus dúirt sé go mba chéim thábhachtach in athmhúnlú chaidreamh na saoránach leis an rialtas í Saoráil Faisnéise. Dúirt sé gur tharla athruithe móra i dTeicneolaíocht Faisnéise sa deich mbliana a raibh Saoráil Faisnéise ann agus gur bhain comhlachtaí poiblí feidhm as an Teicneolaíocht Faisnéise sin chun an bóthar a réiteach do rochtain chuig faisnéis faoina bhfeidhmeanna agus a gcuid oibre ar scála nach bhféadfaí a shamhlú nuair a achtaíodh Saoráil Faisnéise. Is nós le comhlachtaí poiblí anois i bhfad níos mó faisnéise faoina n-imeachtaí a fhoilsiú agus soláthraíonn siad níos mó faisnéise pearsanta do shaoránaigh ná mar a dhéanadh siad ariamh cheana agus leanfar den chlaonadh sin. Thug sé chun cuimhne na hacmhainní a chinntigh go bhfeidhmeofaí Saoráil Faisnéise go héifeachtach agus mar fhocal scoir dúirt sé go mba shampla maith é Saoráil Faisnéise den chaoi ar thug seirbhís phoiblí na hÉireann faoin dúshlán a ghabh le feidhmiú mór-athruithe.
Tá teacht ar óráideanna an Aire agus an Ard-Rúnaí ar http://www.foi.gov.ie/publications

Aguisín 1

Láithreoireachtaí agus Oiliúint a cuireadh ar fáil sa bhliain 2008

Láraonad Polasaí

29 Eanáir	Ardchúrsa ar Shaoráil Faisnéise
30 Eanáir	Ardchúrsa ar Shaoráil Faisnéise
31 Eanáir	Cúrsa Induchtaithe na Roinne Airgeadais
15 Aibreán	Cúrsa d'Ionad Faisnéise do Shaoránaigh, Tionscnamh Forbartha Phobal Átha Í
2 Bealtaine	Ardchúrsa ar Shaoráil Faisnéise
27 Bealtaine	Ardchúrsa ar Shaoráil Faisnéise
27 Lúnasa	Oiliúint d'Ionad Faisnéise do Shaoránaigh, Loch Garman
3 Meán Fómhair	Láithreoireacht do Líonra Oifigeach Shaoráil Faisnéise Údarás Áitiúla
24 Meán Fómhair	Oiliúint d'Ionad Faisnéise do shaoránaigh, Coláiste Náisiúnta na hÉireann
26 Meán Fómhair	Ardchúrsa ar Shaoráil Faisnéise
10 Deireadh Fómhair	Ardchúrsa ar Shaoráil Faisnéise
7 Samhain	Ardchúrsa ar Shaoráil Faisnéise
12 Nollaig	Ardchúrsa ar Shaoráil Faisnéise

An Lárionad d'Fhorbairt Bainistíochta agus Eagrúcháin(CMOD)

D'eagraigh an Lárionad d'Fhorbairt Bainistíochta agus Eagrúcháin 7 gCúrsa Oiliúna do Chinnteoirí i gcás Cinnteoirí nuacheaptha i rith na bliana 2008.

Aguisín 2

Liosta Táblaí Staitistiúla agus Cairteacha

Tábla 1.1: Miondealú ar iarratais de réir earnála, 2008
Cairt 1.1: Miondealú ar iarratais de réir earnála, 2008

Tábla 1.2: Miondealú ar iarratais de réir iarratasóra, 2008
Cairt 1.2: Miondealú ar iarratais de réir iarratasóra, 2008

Cairt 1.3: Iarratais ar Shaoráil Faisnéise a fuarthas don tréimhse 21 Aibreán 1998[1] go dtí 31 Nollaig 2008

Tá miondealú ar iarratais chuig gach comhlacht poiblí atá faoin Acht um Shaoráil Faisnéise ar fáil ar http://www.foi.gov.ie/publications

[1] Tháinig an tAcht um Shaoráil Faisnéise i ngníomh ar 21 Aibreán 1998

Achoimre de Staidreamh Shaoráil Faisnéise

Tábla 1.1: Miondealú ar na hiarratais go léir de réir earnála, 2008

Earnáil	Iomlán	Iarratais a Fuarthas			Iarratais ar géilleadh dóibh	Iarratais ar géilleadh i bpáirt dóibh	Iarratais a diúltaíodh	Iarratais a aistríodh	Tarraingío-dh siar	Tarraingíod-h siar agus pléadh leo lasmuigh de Shaoráil Faisnéise	Cásan-na Beo	Athbhreit-hnithe inmheána-cha a fuarthas	Achomhairc chun an Choim. Fais.*
		Pearsa – nta	Neamhph-earsanta	Measct-ha									
Rialtas Lárnach agus Comhlachtaí Stáit	4,441	2,145	2,226	70	1,558	1,297	735	73	310	339	567	272	75
Údaráis Áitiúla	1,527	324	1,159	44	809	338	266	2	47	34	107	108	27
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	4,231	3,692	470	69	2,869	711	306	57	126	13	1,486	194	53
Comhlachtaí eile agus Ospidéil Dheonacha agus Gníomhaireachtaí Deonacha Reachtúla san áireamh	1,903	1,770	127	6	1,312	142	109	12	115	191	141	16	8
Comhlachtaí Deonacha eile	82	80	2	0	41	36	2	0	1	5	3	1	0
Comhlachtaí Oideachais Tríú Leibhéal	488	218	255	15	270	133	38	1	15	31	15	32	12
Iomlán	**12,672**	**8,229**	**4,239**	**204**	**6,859**	**2,657**	**1,456**	**145**	**614**	**613**	**2,319**	**623**	**175**

*Mar a chuir Comlachtaí Poiblí in iúl iad

Cairt 1.1: Miondealú ar na hiarratais go léir de réir earnála, 2008



Achoimre de Staidéar Shaoráil Faisnéise

Tábla 1.2: Miondealú ar na hiarratais go léir de réir iarratasóra, 2008

Sector	Iriseoirí	Grúpaí Gnó/Leasa	Ionadaí Oireachtais/Poiblí	Foireann	Baill den Phobal	Eile	Iomlán
Rialtas Lárnach agus Comhlachtaí Stáit	1,246	360	117	310	1,261	1,147	4,441
Údaráis Áitiúla	184	235	12	32	337	727	1,527
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	238	75	25	100	3,736	57	4,231
Comhlachtaí eile agus Ospidéil Dheonacha agus Gníomhaireachtaí Deonacha Reachtúla san áireamh	72	35	0	21	1,663	112	1,903
Comhlachtaí Deonacha eile	0	1	0	10	55	16	82
Comhlachtaí Oideachais Tríú Leibhéal	108	18	3	134	165	60	488
Iomlán	**1,848**	**724**	**157**	**607**	**7,217**	**2,119**	**12,672**
Céatadán	**15%**	**6%**	**1%**	**5%**	**57%**	**16%**	**100%**

Cairt 1.2: Miondealú ar na hiarratais go léir de réir iarratasóra, 2008



Cairt 1.3: Iomlán na n-iarratas ar Shaoráil Faisnéise a fuarthas ó 21 Aibreán 1998 go dtí 31 Nollaig 2008